

# Pacáiste eolais d’iarrthóirí

**Oifigeach Airgeadais Sinsearach na nDeontas**

**(Ardoifigeach Feidhmiúcháin)**

**An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais:**
**14 Feabhra 2025**



**Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.**

Tá ceithre aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíocha agus Straitéiseacha, agus tacaíonn an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin leo sin. Tá Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath. D'fhonn tacú leis an earnáil bia mara, tá cuid d'fhoireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Ina theannta sin, tá dhá Choláiste Náisiúnta Oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí..

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na príomhthosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a stiúradh agus a chothú
- Torthaí a chur ar fáil le réitigh a bhfuil tionchar acu ar athrú a dhéanamh
- Infheistíocht a dhéanamh i bhfás fadtéarmach
- An comhshaol agus an earnáil a chosaint

### Ár Misean

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

### Ár bhFís

Rachaimid i gcomhpháirtíocht le hearnáil bia mara na hÉireann le rún agus le práinn chun na hathruithe atá de dhíth a aithint agus a chur chun cinn le go mbeidh an todhchaí inbhuanaithe.

### Ár Luachanna

Iontaobhas

Comhpháirtíocht

Obair Foirne

Cuimsiú

Ionracas



## Cuntas ar an Ról

| | |
|---|---|
| Teideal an phoist: | Oifigeach Airgeadais Sinsearach na nDeontas (Ardoifigeach Feidhmiúcháin) |
| Conradh: | Clúdóidh an conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí deireadh an lae an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh. |
| Áit: | Ceannoifig Bhord Iascaigh Mhara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, nó aon cheann d'Oifigí Réigiúnacha Bhord Iascaigh Mhara<br>(Is féidir iarratas a dhéanamh ar obair hibrideach freisin) |
| Struchtúr Tuairiscithe: | Ceannasaí Airgeadais |
| Grúpa Seirbhíse: | Seirbhísí Corparáide |
| Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí: | Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán ar fáil a bhaineann le hAirgeadas, TFC, Acmhainní Daonna, Soláthar, Saoráidí, Seirbhísí Infheistíochta agus líonra Ice Plant laistigh de BIM. |

## Achoimre ar an Ról

Oibreoidh Oifigeach Airgeadais Sinsearach na nDeontas mar chuid den fhoireann Seirbhísí Infheistíochta laistigh de Sheirbhísí Corparáideacha chun caiteachas buiséadaithe na ndeontas EMFAF a bhainistiú, monatóireacht a dhéanamh orthu agus tuairisciú a dhéanamh ina leith. Beidh an t-iarratasóirí a n-éireoidh leis freagrach as staitisticí airgeadais agus táscairí d'fheidhmíocht deontas a chur i dtoll a chéile agus monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas buiséadaithe agus an caiteachas a tharla, agus iad sin a thuairisciú go tréimhsiúil laistigh de BIM agus chuig páirtithe leasmhara lena n-áirítear DAFM. Beidh an ról seo ina thacaíocht dhíreach ag oibleagáidí na hÉireann faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF 2021 go 2027).



## Cúlra leis an Riachtanas

Is é BIM an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun a chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí go hinbhuanaithe.

Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoin EMFAF (Ciste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú le cur i bhfeidhm EMFAF as a dtiocfaidh:-

- Farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte agus bainistithe go hinbhuanaithe
- Slándáil bia trí tháirgí bia mara a sholáthar
- Fás ar gheilleagar gorm inbhuanaithe

Beidh Rannóg na gClár Muirí den Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm an Chláir Forbartha Bia Mara 2021-2027. Tagann an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) 2021-2027 i gcomharbacht ar an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh (CEMI) 2014-2020.

Gheobhaidh Éire €142 milliún de chistí AE ón EMFAF nua a chomhcheanglaeofar le cómhaoiniú ó Rialtas na hÉireann. Leithdháilfear na cistí sin chun cabhlaigh iascaigh, dobharshaothraithe agus iascaireachta a bhainistiú, agus cumhdófar freisin bearta amhail comhairle eolaíoch, rialuithe agus seiceálacha, faisnéis mhargaidh, faireachas muirí agus slándáil.

Tacaíonn an EMFAF le hiascaigh chósta ar mhionscála agus le soithí suas le 24 méadar chomh maith le dobharshaothrú a chur chun cinn. Den chéad uair, áirítear sa chiste freisin forálacha maidir le rialachas idirnáisiúnta aigéin a neartú agus áirítear ann forálacha chun cabhrú le freagairt ar ghéarchéimeanna eisceachtúla a chuireann isteach ar an margadh e.g. bearta stórála sealadaí nó cúiteamh as costais bhreise.

Cuirfidh BIM raon leathan scéimeanna deontais i bhfeidhm faoin gclár EMFAF thar ceann DAFM. Chomh maith leis an gceanglas monatóireacht a dhéanamh ar bhuiséad agus ar shreabhadh airgid deontas; tá sé ar intinn ag an eagraíocht freisin tionchar dámhachtainí deontas a léiriú trí thionchair agus trí thorthaí inláimhsithe maidir leis na deontais arna ndámhachtain faoi chláir EMFAF, lena n-áirítear tionchar airgeadais. Tá BIM ag lorg Oifigeach Airgeadais atá oilte go cuí chun saineolas airgeadais a sholáthar maidir le buiséid EMFAF a bhainistiú agus a thuairisciú.



## Freagrachtaí

- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas buiséadaithe agus ar an gcaiteachas a bhí ann i ndáil le deontais EMFAF.
- Oibriú le deontaithe agus riarthóirí deontas i ndáil le tarraingt anuas airgeadais a shásamh.
- Staitisticí agus táscairí airgeadais a chur i dtoll a chéile d'fheidhmíocht deontais.
- Réamhaisnéis sreabhaidh airgid a chur ar fáil don fhoireann airgeadais laistigh de BIM.
- A bheith ina cheannasaí teicniúil i ndáil le forbairt Príomhtháscairí Feidhmíochta ar fud deontais EMFAF ar leibhéal tionscadail agus cláir.
- Beidh ag obair leis na feidhmchláir bogearraí seo a leanas mar chuid den ról:
    - Flexi-grant
    - Microsoft Office 365
    - Word, Excel, Teams
    - SharePoint
    - Power BI
    - Dynamics 365.

**Eile:**

Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh



## Taithí agus Cáilíochtaí Riachtanacha

- Céim tríú leibhéal ábhartha i gcuntasaíocht, airgeadas nó i réimse ábhartha.
- Taithí trí bliana ar a laghad i mbainistiú buiséid i ndáil le clár ábhartha.
- Dea-scileanna idirphearsanta agus ábalta oibriú le páirtithe leasmhara agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo.
- Scileanna éifeachtúla eagrúcháin agus riaracháin.
- Dea-bhainistiú ama agus ábalta rudaí a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- Ábalta oibriú gan mhaoirsiú agus mar dhuine den fhoireann.
- Scileanna maithe cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal chomh maith le scileanna éifeachtacha uimhearthachta.

## Taithí agus Cáilíochtaí Inmhianaithe

- Tuiscint ar thimpeallacht maoinithe an AE.
- Taithí ar mheasúnú airgeadais a dhéanamh ar thionscadail nó cláir.
- Eolas ar chórais bainistithe deontais
- Ábalta torthaí a chur in iúl do réimse leathan páirtithe leasmhara.
- Taithí san earnáil phoiblí.



| Tréithe pearsanta atá de dhíth don phost: |
|---|
| • Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.<br>• Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.<br>• Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, ábalta idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir.<br>• Luach ar eolas a roinnt agus ar fheabhas leanúnach i dtimpeallacht chomhoibríoch mheasúnaithe agus foghlama.<br>• Sárchumas éascaithe agus cothaithe foirne. |

| **Teagmhálaithe:** | |
|---|---|
| Laistigh de BIM | Ceannasaí Airgeadais, an Bainisteoir Seirbhísí Infheistíochta, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, an Bainisteoir Airgeadais, Riarthóirí Deontas, baill foirne BIM a bhfuil freagracht orthu as deontais a fhorbairt agus a chur chun feidhme. |
| Lasmuigh de BIM | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, deontaithe. |
| Oiliúint | Déanfar riachtanais oiliúna a shainaithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn. |



## Téarmaí agus Sochair

### Tuarastal

Beidh luach saothair de réir Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le réimse tuarastail €57,122 - €71,939 (amhail an 1 Deireadh Fómhair 2024) sa bhliain dáilte go comhréireach i ndáil leis an am a oibreofar. Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t- iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t- iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

### Saoire Bhliantúil

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

### Clár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP)

Cuireann BIM seirbhís EAP atá 100% faoi rún agus neamhspleách ar fáil trí Spectrum a chuireann comhairle ghairmiúil agus neamhchlaonta, eolas agus comhairleoireacht ar fáil ar réimse saincheisteanna lena n-áirítear ceisteanna dlí, airgeadais agus sláinte. Tá an tseirbhís sin saor in aisce d'fhostaithe agus tá sí ar fáil freisin do gharghaolta leat.

### Seirbhís Sláinte Ceirde

Oibríonn BIM le soláthraí seirbhíse Sláinte Ceirde neamhspleách a chuireann tacaíocht agus comhairle ar fáil d'fhostaithe a bhfuil tinneas orthu nó riocht sláinte ag dul dóibh atá ag cur isteach ar a gcumas obair a dhéanamh.

### Aonad Fístaispeána

Is féidir le fostaithe suas go €117 a fháil ar ais ar thástáil súl.

### Taisteal agus Cothú

Íoctar costais taistil agus chothaithe le fostaithe a bhfuil orthu taisteal i gcomhréir le rátaí ceadaithe.

### Scéim Coigilteora Cánach

Is féidir le fostaithe a thaistealaíonn chuig an obair ar an gcóras iompair phoiblí leas a bhaint as Ticéad Coigilteora Cánach bliantúil chun méid suntasach airgid a shábháil ar chostais taistil.

### An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre

Is féidir le fostaithe a thagann chuig an obair ar rothar nó a bhíonn ar rothar le linn cuid den turas leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.



**An Bealach le hiarratas a dhéanamh:**

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM] chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig

**jobs@bim.ie**

An dáta deiridh a nglacfar le hIarratais

**14 Feabhra 2025**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Grád Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus tá Bord Iascaigh Mhara ag teacht le Samhail Inniúlachta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí Inniúlachtaí PAS

**Úsáid Sonraí**

Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie

*Is fostóir comhdheiseanna é BIM, agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil rochtain iomlán agus chothrom ag gach iarrthóir earcaíochta, mar is féidir a sholáthar le réasún. Má theastaíonn aon tacaíocht nó cóiríocht uait mar chuid den phróiseas earcaíochta, déan teagmháil linn go díreach ag HRinbox@bim.ie.*

Investors in Diversity SILVER